

An tSeachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide

Treoir d'Eagraithe Imeachtaí

Céard í an tSeachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide?



Beidh an tríú Seachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide in Éirinn ar siúl ó 14 - 20 Deireadh Fómhair 2019 agus ba bhreá linn dá mbeifeá páirteach! Is do gach uile dhuine í. Sa tSeachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide beidh deis agat comhrá a thosú ar aeráid le daoine thart ort, daoine nach bhfuil mórán eolais acu faoi athrú aeráide, nó nach dtuigeann go hiomlán é, nó nach bhfuil a fhios acu céard is féidir leo a dhéanamh faoi, go fóill! Cibé rud a dhéanann tú, sonraí aeráide áitiúla a fhiosrú, imeacht cruthaitheach cumarsáide a eagrú, daoine eile a spreagadh le gníomh a dhéanamh, nó díreach dul amach agus crainn dhúchasacha a chur, teastaíonn uainn go mbeidh tú i do chuid den réiteach. Bónas! Má bhíonn tú i d'óstach ar Lá um Ghníomhú ar son na hAeráide, cuirfear sin san áireamh nuair a dhéanfaidh tú d'iarraitas ar Bhratach Ghlas.

Gá le Gníomhú ar son na hAeráide!

Is deis í seo dúinne, Éire a chur chun tosaigh agus a bheith gníomhach ar son na haeráide! Bliain stairiúil a bhí ann, lánseáil an rialtas an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, dhearbhaigh an Dáil Éigeandáil Aeráide agus Bithéagsúlachta. Mar sin gníomhaimis le práinn agus spreagaimis dóchas maidir leis an aeráid. Táimid ag iarraidh ar do scoil a bheith chun tosaigh, agus Lá um Ghníomhú ar son na hAeráide a bheith aici sa tSeachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide ó 14 - 20 Deireadh Fómhair. Tá do ról níos tábhachtaí ná riamh anois le taispeáint do cheannairí na tíre go bhfuil suim ag na ceannairí atá le teacht in athrú aeráide: athrú atá ag tarlú os comhair ár súl anois agus tá géarghá le gníomh. Agatsa atá na réitigh!



Smaointe agus Inspioráid

Is féidir a lán rudaí difriúla a dhéanamh má bhíonn Lá um Ghníomhú ar son na hAeráide agat. Déan iarracht meascán imeachtaí a eagrú, daoine a chur ar an eolas agus gníomhaíochtaí spráúla a chur ar siúl. Ar an gcéad dul síos, déan babhta tobsmaointe leis na daltaí agus le do chomhghleacaithe. D'fhéadfá comhoibriú le Coiste na Scoileanna Glasa, leis an nGrúpa um Cheartas Domhanda nó le Comhairle na Mac Léinn. Thíos, tá roinnt smaointe ónár suíomh idirlín chun cabhrú leat: www.climateambassador.ie

Comhrá ar Aeráid (& CACA!)

Pléigh an t-athrú aeráide fad is a bhíonn tú ag ól tae agus ag ithe cáca - ní gá duit bheith i do shaineolaí chun na bunrudaí a fháil amach! Úsáid an **Treoir um Chomhráite ar Aeráid** le plé a dhéanamh ar na bealaí a mbeidh tionchar ag an athrú aeráide ort, ar do scoil agus ar an bpobal, agus níos tábhachtaí fós, pléigh na nithe is féidir leat a dhéanamh chun an tionchar sin a mhaolú agus chun dul i dtaithí ar an athrú aeráide.

Cur i Láthair

Pleanáil cur i láthair gearr ar athrú aeráide, eolaíocht aeráide nó réitigh aeráide - ach bí cinnte go bhfuil sé oiriúnach agus taispeáin é don oiread daoine agus is féidir leat! Úsáid ár [Prezi](#) ar **Eolaíocht Aeráide 101** le fíricí spraoi, físeanna agus grafaic faisnéise spéisiúil a fháil.

Taispeáint Scannán

Tá roinnt scannán agus cláir faisnéise iontacha ar an ábhar, mar sin réitigh an grán rósta agus bíodh taispeáint oscailte agat! Céard faoi scannán Naomi Klein **'This Changes Everything'** (2015), nó **'Before the Flood'** (2016) le Leonardo DiCaprio nó clár faisnéise Al Gore **'An Inconvenient Sequel'** (2017)? Má tá tú ag freastal ar lucht féachana níos óige, is scannán maith é **Moana** (2016) ó Disney agus tá físeáin den scoth ar fáil ó ['Our Climate, Our Future'](#).

Crainn a chur

Ceann de na rudaí is fearr a dhéanamh sa tSeachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide ná dul amach, agus meas a léiriú ar do thimpeallacht áitiúil agus roinnt crann a chur nó síolta bláthanna fiáine a chur do na beacha agus do na féileacáin. Is minic a bhíonn an Chomhairle Áitiúil nó an phlandlann chrann sásta roinnt crann a thabhairt don scoil áitiúil go háirithe don tSeachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide!

Déan físeán

Tá an t-uafás físeán ar athrú aeráide ar YouTube, ach níl roinnt acu róspéisiúil, mar sin faigh do cheamara agus déan físeán spraoi (gearr!) nó mionsraith ar athrú aeráide! Chun inspioráid a fháil breathnaigh ar cheann de na físeáin ghearra as [Young Voices for the Planet](#). Bí cinnte go gcuireann tú d'fhíseán ar na meáin shóisialta agus clibeáil é **@GreenSchoolsIre**

Suirbhé ar mheonta/ar thuiscint

Ceann de na nithe is luachmhaire a d'fhéadfá a dhéanamh chun an tionchar a thomhas ná suirbhé a reáchtáil roimh an tSeachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide agus ina diaidh - tomhais tuiscint bhonnlíne/eolas na scoile nó meon na scoile i leith athrú aeráide agus féach ar tharla aon athrú tar éis na seachtaine CAW. Le hinspioráid a fháil, léigh ár gcuid **Moltaí don Suirbhé!**

Smaointe Breise!

- Reáchtáil comórtas ealaíne/filíochta/scéalta/líníochta ar an téama athrú aeráide agus tabhair cuireadh don phobal teacht go dtí taispeántas
- Bíodh taispeántas cócaireachta agat ar Luan gan Feoil nó cuir lón de phlandaí amháin ar siúl
- Eagraigh siúlóid/turas rothaíochta bithéagsúlachta nó iarr ar gach duine siúl, teacht ar scútar nó rothaíocht ar scoil
- Comhoibrigh le grúpa Cóstáí Glana nó Bailte Slachtmhara agus déan glanadh trá dhá nóiméad nó glanadh sráide dhá nóiméad
- Reáchtáil Feachtas Cupán Aonuaire i do shráidbhaile nó Ionad Buidéal *fág anseo* i do scoil
- Eagraigh aonach le Scileanna Deisiúcháin a roinnt
- Oscail Siopa Babhtáil Earraí i do scoil
- Tosaigh Leabharlann Earraí sa chaoi is gur féidir le daoine earraí a fháil ar iasacht seachas iad a cheannach
- Tabhair cuireadh do shaineolaithe áitiúla cur i láthair a dhéanamh ar ábhair a bhaineann leis an gcomhshaol, mar shampla: Athchúrsáil, Déanamh Múirín, Uaschúrsáil, Garraíodóireacht, Dramhaíl Bia, Bailiú Báistí, Fuinneamh In-athnuaite srl.
- Glac páirt i dtionscadal eolaíochta saoránach go háitiúil nó go domhanda
- Déan iniúchadh ar lorg carbóin do scoile (maratón aeráide?!) agus faigh réiteach inbhuanaithe leis an lorg carbóin a laghdú
- Dréachtaigh Plean Oiriúnaithe chun do scoil nó an pobal áitiúil a oiriúnú do na tionchair féideartha ó athrú aeráide, mar atá: Tuilte, Sneachta, Triomach, Tonnta teasa, srl.

Seiceáil na Cás-staidéir ón tSeachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide ag an gcéad agus ag an dara leibhéal. Gheobhaidh tú smaointe breise agus bealaí chun tosú!

Déan teagmháil leis an Oifigeach um Ghníomhú Aeráide

Tá Gráinne réidh le cabhair a thabhairt! Má tá tú éiginnte faoi rudaí a thosú, má tá comhairle uait, nó má tá smaointe iontacha agat ó do scoil le roinnt, cibé rud: ba mhaith linn cloisteáil uait! Cuir glaoch ar an Aonad um Oideachas Comhshaoil in An Taisce ag 01 400 2222 nó seol ríomhphost chuig Gráinne gryan@eeu.antaisce.org. De rogha air sin, seol an Rianaire um Ghníomhú Aeráide atá sa phacáiste seo ar ais chugainn chun go mbeimid in ann taifead a dhéanamh de na himeachtaí iontacha a tharla sa tSeachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide!

Ag déanamh poiblíochta ar ócáid i do scoil

Tá cumarsáid ar an aeráid thar a bheith tábhachtach, ní hamháin chun daoine a mhealladh go dtí an ócáid ach chun eolas a scaipeadh faoi na rudaí atá ar siúl nó atá déanta cheana. D'fhéadfá duine eile a spreagadh chun gníomhú ar son na hAeráide! Ní hé an lá féin bun agus barr an scéil. Leis an toradh is fearr a fháil ó do chuid pleananna beidh ort socrú ar na teicnící fógraíochta is fearr a oibríonn duit agus do do scoil. D'fhéadfá tosú leis an teimpléad do phóstaer atá sa phacáiste seo, nó do theimpléad féin a dhearadh. Sa chumarsáid ar aeráid, d'fhéadfá leas a bhaint as cuid de na smaointe seo a leanas:

- Tionól/fógraí scoile
- Iris/suíomh gréasáin na scoile
- Na meáin shóisialta (Facebook, Twitter, Instagram)
 - #ClimateActionWeek
 - @GreenSchoolsIre
- Nuachtlitir an Phobail/Pharóiste
- Nuachtán/raidió áitiúil

Tabhair cuireadh do do pholaiteoir áitiúil

Is minic a thugann polaiteoirí cuairt ar scoileanna ina dtoghcheantair; cén fáth nach dtugann tú cuireadh do do Chomhairleoir áitiúil, TD nó Aire fiú?! Is dócha go n-éistfidh siad leis an gcéad ghlúin eile, daoine a mbeidh an tionchar is mó orthu mar gheall ar athrú aeráide. Má thagann siad ar an Lá um Ghníomhú ar son na hAeráide, bí cinnte go bpléann tú do chuid smaointe, pleananna agus moltaí faoin gcaoi a bhféadfadh Éire dul chun tosaigh maidir le gníomhú ar son na haeráide.

Poiblíocht a fháil

Is breá leis na nuachtáin agus leis na stáisiúin raidió áitiúla scéalta a chloisteáil ó scoileanna. Chomh maith leis sin is iontach an gaisce agus an taithí é duit agus do do dhaltaí. Dá mhéad poiblíochta a fhaigheann tú, is ea is fairsinge a scaipfear do theachtaireacht! Agus tú ag scríobh chuig na polaiteoirí, bí cinnte go n-insíonn tú dóibh go bhfuil tú i dteagmháil leis na meáin áitiúla freisin.

Gealltanais um Ghníomhú Aeráide

Iarr ar gach duine a thagann ar an Lá um Ghníomhú ar son na hAeráide **Gealltanais um Ghníomhú Aeráide** a dhéanamh! D'fhéadfadh daoine aonair gníomh beag simplí a dhéanamh, mar shampla, éirí as buidéal phlaisteacha nó cupáin aonuaire a úsáid...nó gníomh mór, mar shampla, siúl nó rothaíocht ar scoil, nó tiontú ina veigeatóir nó réim bia planda-bhunaithe a thriail. Tá moltaí déanta againne do do scoil agus iad ar fáil sa phacáiste seo ach is féidir leat do chuid féin a úsáid freisin.

10 gcéim do Sheachtain Iontach um Ghníomhú ar son na hAeráide

Cé go mbeidh gach ócáid agus gach Lá um Ghníomhú ar son na hAeráide rud beag difriúil, rinneamar seicliosta gearr de na heilimintí is tábhachtaí don lá. Mholamar dátaí chomh maith, ach is féidir leat do rogha féin a dhéanamh!

Seicliosta	Tasc	Dáta
<input type="checkbox"/>	Cuir an tSeachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide i bhféilire na scoile!	Dé Luain, an 30 Meán Fómhair
<input type="checkbox"/>	Déan seisiún tobsmaointe don Lá um Ghníomhú ar son na hAeráide i do scoil	Dé Máirt, an 1 Deireadh Fómhair
<input type="checkbox"/>	Déan teagmháil leis an Oifigeach um Ghníomhú Aeráide	Dé Céadaoin, an 2 Deireadh Fómhair
<input type="checkbox"/>	Tabhair cuireadh do do pholaiteoir áitiúil	Déardaoin, an 3 Deireadh Fómhair
<input type="checkbox"/>	Déan fógraíocht ar an ócáid	7 - 11 Deireadh Fómhair
<input type="checkbox"/>	Bíodh Lá Iontach um Ghníomhú ar son na hAeráide agat!	14 - 20 Deireadh Fómhair
<input type="checkbox"/>	Comhair na daoine a dhéanann Gealltanas um Ghníomhú Aeráide	14 - 20 Deireadh Fómhair
<input type="checkbox"/>	Déan iarracht poiblíocht a fháil sna meáin	14 - 20 Deireadh Fómhair
<input type="checkbox"/>	Seol an Rianaire um Ghníomhú Aeráide ar ais chugainn	Dé Luain, an 21 Deireadh Fómhair
<input type="checkbox"/>	Déan do rath a cheiliúradh!	Dé hAoine, an 25 Deireadh Fómhair

